2023/2763

8.12.2023

RIALACHÁN (AE) 2023/2763 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Nollaig 2023

lena mbunaítear iamh iascach le haghaidh trosc in uiscí Svalbard; uiscí idirnáisiúnta in 1 agus 2b i gcás soithí a bhfuil bratach na Spáinne ar foluain acu

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú ([1]), agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2023/194 ([2]) ón gComhairle cuótaí le haghaidh 2023.

(2) De réir na faisnéise a fuair an Coimisiún, tá an cuóta a cionroinneadh le haghaidh 2023 ídithe ag gabhálacha an stoic troisc in uiscí Svalbard; in uiscí idirnáisiúnta in 1 agus 2b ag soithí a bhfuil bratach na Spáinne ar foluain acu nó atá cláraithe sa Spáinn.

(3) Is gá, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí áirithe iascaireachta a bhaineann leis an stoc sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ídiú cuótaí

Maidir leis an gcuóta iascaireachta le haghaidh 2023 a cionroinneadh ar an Spáinn le haghaidh an stoic troisc in uiscí Svalbard; uiscí idirnáisiúnta in 1 agus 2b dá dtagraítear san Iarscríbhinn, measfar é a bheith ídithe ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Toirmisc

Cuirfear toirmeasc, ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn, ar ghníomhaíochtaí iascaireachta an stoic sin dá dtagraítear in Airteagal 1 ag soithí a bhfuil bratach na Spáinne ar foluain acu nó atá cláraithe sa Spáinn. Go sonrach, beidh toirmeasc ar éisc, ón stoc sin a ghabh na soithí sin, a choinneáil ar bord, a athlonnú, a thrasloingsiú, nó a thabhairt i dtír tar éis an dáta sin.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.
([2]) Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige (IO L 28, 31.1.2023, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Nollaig 2023.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Virginijus SINKEVIČIUS
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Uimh.	17/TQ194
An Ballstát	An Spáinn
stoc	COD/1/2B.
Speiceas	An trosc (*Gadus Morhua*)
Limistéar	uiscí Svalbard; uiscí idirnáisiúnta in 1 agus 2b
Dáta deiridh	11 Samhain 2023